



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

EFG ar líne maidir le hAthfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Corpoideachas na hArdteistiméireachta

Páipéir Shamplacha ó CSS le haghaidh ábhair Sciar 2



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment



An Roinn Oideachais
Department of Education



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers


Fáilte

Seimineár Gréasáin 2026

Corpoideachas na hArdteistiméireachta



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission




Ní dhéanfar taifead ar an Eispéaras
Foghlama Gairmiúla



Níl cead grianghraif, fíís taifeadadh, taifeadadh
fuaime, nó gabhálacha scáileáin a ghlacadh




Cuirfear am í leataobh chun bhur
gceisteanna a fhreagairt leis an áis C&F.





Líne ama ó thaobh tacaíochta do Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí



Eochairdhátaí



Oide

2025/2026

Meán Fómhair 2025: D'fhoilsigh an CNCM an tsonraíocht

Nollaig 2025: D'fhoilsigh an CNCM na Treoracha maidir leis an CMB (Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise)

Aibreán 2026: Scrúdpháipéir Shamplacha ó CSS

2026/2027

Meán Fómhair 2026: Cuirtear tús leis an tsonraíocht don chéad chohórt scoláirí

Téarma 1, Bliain 1 (2026): D'eisigh CSS Coimre Shamplach CMB

Téarma 2, Bliain 1 (2027): Eiseoidh CSS Coimre Bheo CMB

2027/2028

Bliain 2 (2028): CMB curtha isteach (an dáta atá le deimhniú)

Meitheamh 2028: Scrúdú Stáit Scríofa



Le linn an EFG ar líne seo ...

- Tuigfidimid an tábhacht mhór atá leis an tsonraíocht
- Aithneoidimid an ról suntasach atá ag briathair ghnímh sa tsonraíocht agus an tslí a n-úsáidtear focail treorach i gceisteanna scrúdúcháin
- Pléifimid struchtúr na scrúdpháipéar samplach
- Déanfaimid plé ar an tslí a measúnaítear na torthaí foghlama thar na snáitheanna, le húsáid na scrúdpháipéar samplach, ar bhealach comhtháite neamhlíneach



Sceideal

Cuid 1
40 nóiméad

Forléargas ar an tsonraíocht agus ar mheasúnú
Focail treorach agus a gceangal leis na Briathra Gnímh

C&F 1

Cuid 2
35 nóiméad

Struchtúr na Scrúdpháipéar

C&F 2

Cuid 3
35 nóiméad

Scóip an mheasúnaithe ag Ardleibhéal agus
Gnáthleibhéal

C&F Deiridh agus Clabhsúr



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Cuid 1

Forléargas ar an tSonraíocht agus ar
Mheasúnú

Naisc le haghaidh na bPríomhdhoiciméad




Oide

 **NCCA**

Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach


Lúnasa 2024




 **An Roinn Oideachais agus Óige**
Department of Education and Youth

Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorpoidéachas na hArdteistiméireachta


Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2026.
Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)



 **NCCA**

Treoirínte chun tacú le cur i gcrích an Tionscadail Corpoideachais
Corpoideachas na hArdteistiméireachta


Nollaig 2025






Sonraíocht do Chorpoideachas

Fíor 1



Fíor 2



Fíor 1: Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach , 2024, lch.3. Comhpháirteanna na n-inniúlachtaí agus an tionchar a mhianáítear leo.

Fíor 2: Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach , 2024, lch.4. Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach




Príomhinniúlachtaí




Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn múinteoirí agus trí fhreagairtí na scoláirí orthu.

(Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorpoidéachas na hArdteistiméireachta, CNCM, 2025, lch.8)



Fíor 1: Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach, 2024, lch.3. Comhpháirteanna na n-inniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo.

Príomhinniúlachtaí



Fíor 1: Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach , 2024, lch.3. Comhpháirteanna na n-inniúlachtaí agus an tionchar a mhianaitear leo.

- Is féidir cur síos ar **eolas** mar rud a chuimsíonn *‘fíricí, coincheapa, smaointe agus teoiricí aitheanta’*, lena n-áirítear *‘coincheapa agus smaointe teoiriciúla chomh maith le tuiscint phraiticiúil bunaithe ar thaithí i ndiaidh tascanna áirithe a dhéanamh*
- Is féidir cur síos ar **scileanna** mar *‘a bheith in ann próisis a chomhlíonadh agus a bheith in ann do chuid eolais féin a úsáid ar bhealach freagrach chun do spriocanna féin a bhaint amach’*
- Is féidir cur síos a dhéanamh ar **luachanna** mar *‘na creidimh atá ag duine faoi na rudaí atá inmhianaithe – dóibh féin agus don tsochaí i gcoitinne’*
- Is féidir cur síos a dhéanamh ar **mheonta** mar *‘an claonadh atá ag duine gníomhú ar bhealach áirithe in imthosca ar leith’*



Snáitheanna Staidéir agus Torthaí Foghlama

“Sa cholún ar **dheis**, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas na scoláirí i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar **chlé**, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaímíonn na scoláirí. **I dteannta a chéile**, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil. ”

Foghlaímíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

- céimeanna foghlama scileanna lena n-áirítear bunleibhéal, meánleibhéal, ardlleibhéal
- tosca lena n-áirítear; aiseolas, cleachtas agus cineálacha cleachtais lena n-áirítear; cleachtas iomlán, páirteach, athraitheach, seasta, líonmhar, scaipthe, randamach
- prionsabail lena n-áirítear: éagsúlacht, forásach, sonrach intomhaiste, inbhainte amach, réadúil, am, spreagúil, dúshlánach, taifeadta
- scil agus teicnící a bheachtú
- teaicticí/cinnteoireacht a chur i bhfeidhm
- aicmiú scileanna lena n-áirítear; scileanna oll-luaile, mínluaile, oscailte, dúnta, scoite, srathacha, leanúnacha, scileanna luais inmheánaigh agus luais sheachtraigh
- saintréithe lena n-áirítear; feasacht chinéistéiseach, réamhghabháil, comhsheasmhacht, cruinneas i bpatrún/teicníc ghluaiseachta

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

1. cur síos a dhéanamh ar na céimeanna a bhaineann le foghlaim scileanna
2. tosca a imríonn tionchar ar fhoghlaím scileanna a iniúchadh
3. sceidil agus seisiúin chleachtaidh éifeachtacha a dhearadh, cinn a bhfuil prionsabail le haghaidh feidhmíocht tóraíochta i réimsí faoi leith mar bhonn fúthu
4. prionsabail an chleachtais éifeachtaigh a mheas
5. scileanna spóirt, feasacht/cinnteoireacht bheartach i ngníomhaíochtaí coirp éagsúla a thaispeáint
6. saintréithe taispeántais oilte a shainathint

(Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas, 2024, lch. 10)



Gluais de Bhriathra Gnímh

- Ceapadh an ghluais sin chun torthaí foghlama a léiriú.
- Tá cur síos ar gach briathar gnímh de réir an méid ba cheart don scoláire a bheith in ann a dhéanamh nuair a chuirfidh siad an toradh foghlama i gcrích.
- Déanfar an ghluais a ailíniú leis na focail treorach a úsáidfear sa mheasúnú.

Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh

Action verb	Students should be able to
Aithin (foinsí)	foinsí eolais a aithint go sainiúil
Aithin (sonraí/faisnéis)	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shaináithint
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneas a shaináithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Bain de thátal as	teacht ar chonclúid bunaithe ar an eolas a thugtar
Bain tátal as	torthaí iniúchta a úsáid bunaithe ar bhuntuisct; tuig níos mó ná mar a cuireadh in iúl go litriúil
Ceap	rud éigin a phleanáil, a fhorbairt nó a chruthú le smaointeoireacht ghrinn
Comhoibrigh	bheith ag obair lena chéile nó in éineacht le daoine eile ar ghníomhaíocht nó ar thionscadal
Cosain	cúiseanna ballí nó fianaise bhaill a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid
Cruthaigh	rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine
Cruthaigh	sraith céimeanna loighciúla a úsáid chun an toradh inmhianta a bhaint amach
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú
Cuir síos	cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí na topaice, ag baint úsáid as focail, léaráidí agus/nó iomhánna
Déan achoimre	achoirre ghairid a dhéanamh ar na príomhphointí eolais
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd
Déan critic ar	anailís agus measúnú eolasach a thabhairt ar rud
Déan taighde	fiosrú sonracha a dhéanamh, ach fianaise a bhailiú, a eagrú agus a anailís d'honn teacht ar chonclúidí
Dear	ceap, cruthaigh agus/nó bain amach de réir roinnt beart nó plan
Deimhnigh	fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis
Diorthaigh	teacht ar ráiteas nó foirmle trí phróiseas smaointeoireachta loighciúla; ionramháil a dhéanamh ar ghaol matamaiticiúil chun cothromóid nó gaol nua a thabhairt
Éascaigh	plé a stiúradh ionas go bhfanann sé dírithe agus go mbaintear na spriocanna comhaontaithe amach
Iniúch	breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargas agus/nó conclúidí nua
Léirigh	samplaí a úsáid chun cur síos ar rud éigin
Léirmhíniigh (bainteach le sonraí)	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar
Léirmhíniigh (nach bhfull bainteach le sonraí)	smaointe a chur in iúl maidir leis an mbrí atá i gceist le rud
Léirthiscint a bheith ag... do...	an bhí, an luach nó an tábhacht atá le rud a aithint
Liostaigh	roinnt pointí nó fíoras a thabhairt, gan aon mhíniú breise

Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas, 2025, lch. 26.



Snáithe 1: torthaí foghlama

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

- céimeanna foghlama scileanna lena n-áirítear bunleibhéal, meánleibhéal, ardleibhéal
- tosca lena n-áirítear; aiseolas, cleachtas agus cineálacha cleachtais lena n-áirítear; cleachtas iomlán, páirteach, athraitheach, seasta, líonmhar, scaipthe, randamach
- prionsabail lena n-áirítear: éagsúlacht, forásach, sonrath, intomhaiste, inbhainte amach, réadúil, am, spreagúil, dúshlánach, taifeadta
- scil agus teicnící a bheachtú
- teaicníci/cinnteoireacht a chur i bhfeidhm
- aicmiú scileanna lena n-áirítear; scileanna oll-luaile, mínluaile, oscailte, dúnta, scoite, srathacha, leanúnacha, scileanna luais inmheánaigh agus luais sheachtraigh
- saintréithe lena n-áirítear; feasacht chinéistéiseach, réamhghabháil, comhsheasmhacht, cruinneas i bpatrún/teicníc ghluaiseachta

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

1. cur síos a dhéanamh ar na céimeanna a bhaineann le foghlaim scileanna
2. tosca a imríonn tionchar ar fhoghlaim scileanna a iniúchadh
3. sceidil agus seisiúin chleachtaidh éifeachtacha a dhearadh, cinn a bhfuil prionsabail le haghaidh feidhmíocht tóraíochta i réimsí faoi leith mar bhonn fúthu
4. prionsabail an chleachtais éifeachtaigh a mheas
5. scileanna spóirt, feasacht/cinnteoireacht bheartach i ngníomhaíochtaí coirp éagsúla a thaispeáint
6. saintréithe taispeántais oilte a shainaithint

Fíor 9: *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas, 2025 lch.15*



Briathra Gnímh agus Focail Treorach

Torthaí Foghlama sa tsonraíocht nach ndéantar idirdhealú eatarthu ag ardleibhéal agus ag gnáthleibhéal.

Tugtar sonraí leis an mbriathar gnímh ón toradh foghlama, rud a thugann le fios an leibhéal is airde is féidir le scoláire a bhaint amach.

Úsáidtear focail treorach le haghaidh cuspóirí scrúdaithe sna scrúdpháipéir. Tagann siad leis an leibhéal a mbíonn an scoláire ag tabhairt faoi.

Briathra Gnímh agus Focail Treorach



Focail treorach atá in úsáid i bPáipéar Samplach	An bhaint atá acu leis na Briathra Gnímh ón nGluais
Meitseáil	Rangaigh / Aithint (sonraí/eolas)
Luaigh	Aithint nó Liostaigh
Comhlánaigh	Aithint, Cuir i bhFeidhm, nó Ríomh
Cuir (san áit cheart ar an gcontanam)	Rangaigh
Tabhair fáth	Cosain
Réasúnaíocht	Cosain / Mínigh
Fíor / Bréagach	Meicníocht an mheasúnaithe, seachas focal treorach

Measúnú i gCorpoideachas na Sraithe Sinsearaí



Oide

Compháirt mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
Tionscadal Corpoideachais	50%	Treoir Chomónta
Scrúdú scríofa	50%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

NCCA

Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích an Tionscadail Corpoideachais

Corpoideachas na hArdteistiméireachta

Nollaig 2025

2028.M108527

2028L225A152

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta Sampla 2

Corpoideachas
Ardleibhéal
2 uair 30 nóiméad
300 marc

Scrúdúimhir:

Dáta Breithe:

Stampa an Ionaid:

2028.M107517

2028L225G151

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta Sampla 1

Corpoideachas
Gnáthleibhéal
2 uair 30 nóiméad
300 marc

Scrúdúimhir:

Dáta Breithe:

Stampa an Ionaid:

Scríobh 3 Feabhra 2025
mar 03 02 05, mar shampla

Tábla 2: : Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas, 2025 Ich 21. Achoimre ar an measúnú don teistiúchán



Scrúdú Scríofa (50%)

Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (Fíor 2) fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- an fhoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sa tsonraíocht
- cur i bhfeidhm na foghlama trí rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp.

Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorroideachas, 2025 Ich 25.



Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorroideachas, 2025 Ich 8.

Teacht ar Eolas a bhaineann leis an Measúnú



Oide

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cormadaddy, Athlone, Co. Westmeath

ENGLISH

Ár Ról

Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit freagrach i bndeimhniú na scrúduithe dara leibhéal de Stáit Sraithe agus an Ardteistiméireacht. Is comhlach Scrúduithe Stáit atá faoi choimirce na Roinne

Scrúdpháipéir Shamplacha na Sraithe Sinsearaí

Ábhair nua agus athbhreithnithe le tabhairt isteach i scoileanna i Meán Fómhair 2025

Sciar 1 Sciar 2 Sciar 3 Sciar 4 Sciar 5

Ábhair nua agus athbhreithnithe le tabhairt isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2026

Tá na scrúdpháipéir shamplacha ar fáil anois d'ábhair thráinne 2 agus féadfar teacht orthu ach cliceáil ar an ábhar cui sa tábla thíos.

Tá eolas breise ar Chlár Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais anseo.

Féadfar aon aiseolas maidir lena bhfuil sna hábhair shamplacha seo a chur isteach ar ríomhphost chuig scr@examinations.ie

Tá cáipéis Ceisteanna Coitianta ar Ábhair Shamplacha na Sraithe Sinsearaí ar fáil anseo

Tá Ciorclán S49/26 Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí – Scrúdpháipéir Shamplacha do Thráinne 2 ar fáil here

Tá Sceideal Sealadach deiridh na scrúduithe agus dátaí críochnaithe do 2027 anseo

Sciar 2		
Cuntasaíocht *	Teicneolaíocht Foirgníochta	Innealtóireacht
Béarla *	Tíreolaíocht	Saoi, Pobal agus Obair
Corpoideachas		

* will not be given effect earlier than September 2027

Modified sample papers can be found [HERE](#)

Fíor 7: Coimisiún na Scrúdaithe Stáit, Eolas faoi na Scrúdaithe

Scrúdpháipéir Shamplacha
2 Gnáthleibhéal
• 2 Ardleibhéal





Fócas ar Mharcáil ar Líne

- Úsáidtear dúch dubh nó dúch gorm
- Scríobhtar freagraí sna spásanna a chuirtear ar fáil sa leabhrán scrúdúcháin
- Tá spás sa bhreis ann le haghaidh obair sa bhreis. Bíodh gach obair sa bhreis lipéadaithe le huimhir na ceiste agus na coda
- Déanfar scanadh ar an leabhrán scrúdúcháin – seans nach mbeadh an scrúdaitheoir in ann an scríbhneoireacht lasmuigh de na boscaí a léamh

Cuardach Ciorclán

cuir isteach uimhir chiorclach | 🔍

- CSS Abhaile
- Maidir linne
- Staitisticí
- Cairt Chustaiméirí
- Scoileanna
- Iarrthóirí
- Eolas faoi Scrúduithe
 - Marcáil Ar Líne**
 - Oral Examinations
 - Obair Chúrsa Phraiticiúil
 - Cúrsa Oibre Digiteach
 - Sraithe Sóisearaí Páipéar Samplach
 - Páipéir Shamlacha
 - Revised Subjects - Sample Papers and other materials – 2025 onwards
 - An Ardeistiméireacht Fheidhmeach
 - Teangacha an Aontais Eorpaigh
 - An Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscóile
 - Foirmlí agus Táblaí
- RACE Review
- Clár Foghlama L1 L2



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Cuid 2

Struchtúr na Scrúdpháipéar

Treoracha Sainiúla don Ábhar



Oide

2028.M10751T 2028L225G1151


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 1
Corpoideachas
Gnáthleibhéal
2 uair 30 nóiméad
300 marc

Scrúduitheir

Dáta Breithe Scriobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

2028.M1085ZT 2028L225A1152


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 2
Corpoideachas
Ardleibhéal
2 uair 30 nóiméad
300 marc

Scrúduitheir

Dáta Breithe Scriobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

Treoracha

Tá dhá Roinn sa pháipéar seo:

Roinn A	150 marc
Freagair an dá cheist sa roinn seo.	
Ceist 1 – Freagair gach cuid.	100 marc
Ceist 2 – Freagair 2(a) nó 2(b).	50 marc
Roinn B	150 marc
Freagair trí cheist ar bith as na ceithre cheist sa roinn seo.	
Ceist 3 – Freagair gach cuid.	50 marc
Ceist 4 – Freagair gach cuid.	50 marc
Ceist 5 – Freagair gach cuid.	50 marc
Ceist 6 – Freagair gach cuid.	50 marc

Scriobh do Scrúduitheir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scriobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Féadfaidh sé nach mbeidh gá duit an spás uile atá curtha ar fáil a úsáid. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gguid den cheist.

Scriobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.

Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid, lena n-áirítear peann luaidhe daite, ach amháin sna léaráidí.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.



Scrúdú Scríofa (50%)

Struchtúr ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal

- 2 uair 30 nóiméad
- Tá dhá **roinn** (Iomlán 300 marc)



Roinn A (150 marc)

- Ceist 1 – Freagair gach cuid.. (100 marc)
- Ceist 2 – Freagair 2(a) nó 2(b) (50 marc)

Roinn B (150 marc)

- Freagair **trí** cheist ar bith as na ceithre cheist sa roinn seo.
- Ceisteanna 3 go 6
- Is fiú gach ceist 50 marc



Oide


Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Leagan amach na bPáipéar Samplach



2028.M10751T 2028L225G1S1


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 1
Corpoideachas
Gnáthleibhéal
2 uair 30 nóiméad
300 marc

Scrúduithe

Dáta Breithe / / Scriobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

Difreálú san fhoghlaim



Gnáthleibhéal	Ardleibhéal
<ul style="list-style-type: none">Téann na scoláirí i ngleic le raon leathan eolais, atá nithiúil den chuid is mó, agus táthar páirteach i gcur i bhfeidhm príomhchoincheap.	<ul style="list-style-type: none">Téann na scoláirí i ngleic le raon leathan eolais, lena n-áirítear tuilleadh rannpháirtíochta maidir le príomhchoincheapa agus smaointeoireacht theibí, le doimhneacht shuntasach i roinnt réimsí.
<ul style="list-style-type: none">Taispeánann na scoláirí tuiscint agus feidhmiú príomhsmaointe ar fud na réimsí staidéir uile.	<ul style="list-style-type: none">Taispeánann na scoláirí tuiscint níos doimhne agus feidhmiú níos éifeachtaí príomhsmaointe ar fud na réimsí staidéir uile.
<ul style="list-style-type: none">Forbraíonn agus úsáideann na scoláirí réimse measartha scileanna chun bheith ag fiosrú, ag feidhmiú, ag anailísiú agus chun machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim.	<ul style="list-style-type: none">Forbraíonn agus úsáideann na scoláirí réimse leathan scileanna, lena n-áirítear scileanna smaointeoireachta ardoird, chun bheith ag fiosrú, ag feidhmiú, ag anailísiú agus chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar an bhfoghlaim.
<ul style="list-style-type: none">Bailíonn agus úsáideann na scoláirí faisnéis chun tacú lena gcuid tuisceana agus torthaí a chur in iúl go soiléir.	<ul style="list-style-type: none">Bailíonn, léirmhíonann agus comhtháthaíonn na scoláirí faisnéis chun tacú lena gcuid tuisceana agus torthaí a chur in iúl go héifeachtach agus léargas a thabhairt.

Fíor 8: *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas, 2025, p11.* Dearadh torthaí foghlama don ghnáthleibhéal agus don ardeibhéal



Cíoradh a Dhéanamh ar Thorthaí Foghlama

Oscail Páipéar Samplach 2 AL

- Cuardaigh ceist, is dóigh leat, ina bhfuil TF5 ó snáithe 1 á mheasúnú.
- Sa bhosca cainte, abair linn cé acu ar tháinig tú uirthi.


Snáithe 1: torthaí foghlama

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

- scil agus teicnící a bheachtú
- teaicicí/cinnteoireacht a chur i bhfeidhm
- aicmiú scileanna lena n-áirítear; scileanna oll-luaile, mínluaile, oscailte, dúnta, scoite, srathacha, leanúnacha, scileanna luais inmheánaigh agus luais sheachtraigh

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

5. scileanna spóirt, feasacht/cinnteoireacht bheartach i ngníomhaíochtaí coirp éagsúla a thaispeáint





Ceisteanna Éigeantacha: Ceist 1


Ceist 1 – Freagair gach cuid.

100 marc

100 Marc

Freagair
gach cuid

Ceisteanna
Gearra





Cíoradh ar Thorthaí Foghlama: Snáith 1, Toradh Foghlama 8

Snáithe 1: torthaí foghlama

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí


- dlíthe gluaisne Newton a chur i bhfeidhm: 1ú dlí na taimhe, 2ú dlí an luasghéaraithe, 3ú dlí an ghníomhaithe/fhrithghníomhaithe
- seicliostaí anailíse scileanna, príomhphointí cóitseála, bogearraí anailíse físeán agus lúthchleasaithe eiseamláireacha
- barainneacht gluaiseachta
- cur i bhfeidhm cruthaitheach scileanna

8. feidhmíocht scileanna a anailísiú lena n-áirítear anailís chriticiúil le haghaidh feabhsúcháin

GL Sampla 1: C1 (f)

(f) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu ráiteas is fearr a chuireann síos ar Chéad-Dlí Gluaisne Newton i mbun feidhme.

Stopann liathróid ag gluaiseacht nuair a bheireann imreoir uirthi	<input type="checkbox"/>
Éiríonn níos fearr le rábálaithe a bhfuil frithghníomhú maith acu	<input type="checkbox"/>
Tagann méadú ar an luas nuair a rothaíonn tú le fána	<input type="checkbox"/>



Cíoradh ar Thorthaí Foghlama: Snáith 1, Toradh Foghlama 8



AL Sampla 2: C1 (c)

(c) Úsáid an tábla thíos chun gach ceann de na trí fheidhmiú spóirt a thugtar a mheaitseáil le ceann amháin de Dhlíthe Gluaisne Newton agus tabhair réasúnaíocht le gach ceann acu.

Gníomh	Ainm an dlí	Réasúnaíocht
Snámhaí do bhrú amach ón mballa tar éis casadh rothlaithe		
Liathróid rugbaí do thitim den tí ciceála mar gheall ar an ngaoth		
Imreoir leadóige do luascadh le níos mó fórsa chun luasghéarú na liathróide a mhéadú		

Snáithe 1: torthaí foghlama

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

- dlíthe gluaisne Newton a chur i bhfeidhm: 1ú dlí na taimhe, 2ú dlí an luasghéaraithe, 3ú dlí an ghníomhaithe/fhrithghníomhaithe
- seicliostaí anailise scileanna, príomhphointí cóitseála, bogearraí anailise físeán agus lúthchleasaithe eiseamláireacha
- barainneacht gluaiseachta
- cur i bhfeidhm cruthaitheach scileanna

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

8. feidhmíocht scileanna a anailisiú lena n-áirítear anailís chriticiúil le haghaidh feabhsúcháin





(d)



Fíor 2. Gluaiseachtaí lámhe agus pas uchta á dhéanamh.

(i) Ainmnigh an dá ghníomhaíocht ailt ag an uillinn agus pas uchta á dhéanamh.

1.

2.


(ii) Ainmnigh matán amháin sa lámh.

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- grúpaí matán agus cnámha ábhartha, gluaiseachtaí na n-alt sa chorp
- feidhmeanna na gcóras matánach agus cnámharlaigh le tagairt shonrach do ghluaiseacht
- comhthéacs bithmheicniúil, lena n-áirítear úsáid plánaí agus aiseanna i ngluaiseacht anatamaíoch

9. ról na gcóras matánach agus cnámharlaigh i ngluaiseacht an duine a aithint




GL Sampla 2: C1 (d)

Cíoradh ar Thorthaí Foghlama: Snáith 2, Toradh Foghlama 9



(h) (i) Lipéadaigh na matáin agus na cnámha ag na suíomhanna anatamaíocha A, B, C agus D a léirítear i bhFíor 2 thíos:



Suíomh	Ainm an mhatáin nó na cnámhe
Matán ag A	
Matán ag B	
Cnámh ag C	
Cnámh ag D	

(ii) Luaigh dhá ghluaiseacht anatamaíocha ag alt na huillinne.

1.	
2.	

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- grúpaí matán agus cnámha ábhartha, gluaiseachtaí na n-alt sa chorp
- feidhmeanna na gcóras matánach agus cnámharlaigh le tagairt shonrach do ghluaiseacht
- comhthéacs bithmheicniúil, lena n-áirítear úsáid plánaí agus aiseanna i ngluaiseacht anatamaíoch

9. ról na gcóras matánach agus cnámharlaigh i ngluaiseacht an duine a aithint



AL Sampla 1: C1 (h)



Cíoradh ar Thorthaí Foghlama: Snáith 1, Toradh Foghlama 10

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- feidhm agus ról na gcóras cardashoithíoch agus riospráide
- freagairtí a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear: ráta croí, anáilú agus teocht choirp


10. freagairt an choirp do rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a iniúchadh

(k) Luaigh dhá fheidhm atá leis an gcóras cardashoithíoch.

1.

2.

GL Sampla 1: C1 (k)



(j) Léigh gach ráiteas maidir le freagairt an chórais chardashoithíoch agus an chórais riospráide ar aclaíocht. Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá gach ráiteas.

	Fíor	Bréagach
Méadaíonn an ráta anáilaithe chun freastal ar an éileamh ocsaigine níos airde.		
Méadaíonn an sreabhadh fola chuig an gcráiceann chun cuidiú le teocht an choirp a rialáil.		
I matáin atá ag obair, crapann na soithí fola chun an sreabhadh fola a laghdú.		
Cuidíonn an córas cardashoithíoch le dé-ocsaíd charbóin a bhaint de na matáin.		
Tarlaíonn an malartú ocsaigine agus dé-ocsaíde carbóin níos tapúla le linn aclaíochta.		
Laghdaíonn an sreabhadh fola chun róthéamh na matáin a chosc.		

AL Sampla 2 C1: (j)

Cíoradh ar Thorthaí Foghlama: Snáith 1, Toradh Foghlama 10



Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- feidhm agus ról na gcóras cardashoithíoch agus riospráide
- freagairt a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear: ráta croí, anáilú agus teocht choirp

10. freagairt an choirp do rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a iniúchadh


(a) (i) Críochnaigh na habairtí seo a leanas maidir leis an gcóras cardashoithíoch:

A - Téann fuil dhí-ocsaiginithe ón gcorp isteach sa chroí tríd an aitriam _____.

B - Filleann fuil ocsaiginithe ar an gcroí ó na scamhóga tríd an aitriam _____.


AL Sampla 1: C.1 (a) (i)

(ii) Cuir na litreacha **A** agus **B** isteach sa bhosca ceart i bhFíor 1 chun an áit a dtarlaíonn an dá ghníomh a ndéantar cur síos orthu thuas a shainithint.



Fíor 1

AL Sampla 1: C.1 (a) (ii)






Cíoradh ar Thorthaí Foghlama: Snáith 3, Toradh Foghlama 2

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- struchtúir, teaicicí agus gnéithe comhdhéanaimh, lena n-áirítear; chun feidhmiú níos fearr ná céilí comhraic, cásanna rialaithe nó bheith cruthaitheach

2. struchtúir, teaicicí agus gnéithe comhdhéanaimh a chur i bhfeidhm i raon gníomhaíochtaí coirp



(g) **Luaigh** teaicic **amháin** is féidir a úsáid i ngníomhaíocht coirp **agus** tabhair **breac-chuntas** ar an gcaoi ar féidir leis an teaicic sin cuidiú le lúthchleasaí 'feidhmiú níos fearr ná céilí comhraic'.

Gníomhaíocht coirp:

GL Sampla 2: C1 (g)



Cíoradh ar Thorthaí Foghlama: Snáith 3, Toradh Foghlama 2

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- struchtúir, teaicicí agus gnéithe comhdhéanaimh, lena n-áirítear; chun feidhmiú níos fearr ná céilí comhraic, cásanna rialaithe nó bheith cruthaitheach

2. struchtúir, teaicicí agus gnéithe comhdhéanaimh a chur i bhfeidhm raon gníomhaíochtaí coirp

(k) Tabhair breac-chuntas ar theaicic amháin a d'fhéadfaí a úsáid chun 'feidhmiú níos fearr ná céilí comhraic' i do rogha gníomhaíocht coirp.



Gníomhaíocht coirp:

AL Sampla 1: C1 (k)

Cíoradh ar Thorthaí Foghlama: Snáith 1, Toradh Foghlama 9



Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas


- cruthú agus rannpháirtíocht i dtaispeántas grúpa
- critéir aeistéitiúla agus ealaíonta a bhaineann le gníomhaíochtaí coirp éagsúla
- modhanna chun anailís a dhéanamh ar chóiréagrafaíocht

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

9. breithmheas a thabhairt ar chritéir aeistéitiúla agus ealaíonta i ngluaiseacht agus comparáid a dhéanamh eatarthu

AL Sampla 1: C1 (I)

(I) Luaigh modh **amháin** anailíse cóiréagrafaíochta agus **minigh** an fáth a mbainfeá úsáid as.



Ceisteanna Éigeantacha: Ceist 2





Oide

Ceist 2

(50 marc)

Freagair (a) nó (b).



Féadfaidh tú an leathanach seo a úsáid le haghaidh sracoibre nó pleanála i gcomhair Cheist 2.

GL Sampla 2:C.2
AL Sampla 1 C.2
AL Sampla 2 C.2

Cuir tic (✓) i mbosca amháin chun an chuid den cheist atá tú a fhreagairt a chur in iúl.

2(a)

2(b)

Cíoradh ar Thorthaí Foghlama: Ceist 2

GL Sampla 2



Snáithe 1 lch 14

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- tosca lena n-áirítear; aiseolas, cleachtas agus cineálacha cleachtais lena n-áirítear; cleachtas iomlán, páirteach, athraí
- 2. tosca a imríonn tionchar ar fhoghlaim scileanna a iniúchadh

Snáithe 2 lch 16

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le raon straitéisí chun tosca a iniúchadh
- 5. straitéisí a mheasúnú chun tosca síceolaíocha a iniúchadh

Snáithe 3 lch 19

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- cineálacha cleachtais lena n-áirítear; aiseolas, cleachtas agus cineálacha cleachtais lena n-áirítear; cleachtas iomlán, páirteach, athraí
- an éifeacht a bhíonn ag cleachtas iomlán, páirteach, athraí
- an tionchar a bhíonn ag cleachtas iomlán, páirteach, athraí
- an éifeacht a bhíonn ag cleachtas iomlán, páirteach, athraí
- an tionchar a bhíonn ag cleachtas iomlán, páirteach, athraí

Snáithe 3 lch 19

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- steiréitíopáil ar bhonn inscne
- gníomhaíocht choirp oiriúnaithe
- 10. straitéisí maidir le cur chun cinn gníomhaíochta choirp a mheas

Cíoradh ar Thorthaí Foghlama: Ceist 2

GL Sampla 2



Oide

(a)

(50 marc)



Éirigh Gníomhach in Éirinn
Get Ireland Active

Fíor 3

Is féidir gníomhaíocht coirp oiriúnaithe a thabhairt isteach i gcomhthéacsanna spóirt mar straitéis chun rannpháirtíocht a chur chun cinn.

Déan plé, le samplaí, ar an gcaoi a bhféadfadh straitéis bholscaireachta **amháin agus** gníomhaíocht coirp oiriúnaithe dul i bhfeidhm ar bhealach dearfach ar rannpháirtíocht sa

GL Sampla 2: C.2

Snáithe 3 lch 19

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- an éifeacht a bhaineann le cumhdach na meán ar leibhéal rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp; lena n-áirítear grúpaí inscne difriúla
- an tionchar a bhaineann le léirithe sna meáin ar íomhá coirp ar leibhéal rannpháirtíochta

8. ról na meán agus na hurraíochta ar ghníomhaíocht choirp agus spórt a léirthuisicint

Snáithe 3 lch 19

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- steiréitíopáil ar bhonn inscne
- gníomhaíocht choirp oiriúnaithe

10. straitéisí maidir le cur chun cinn gníomhaíochta coirp a mheas





GL Sampla 2

(b)

(50 marc)

Déan scrúdú, le samplaí praiticiúla, ar an gcaoi ar féidir le **dhá** chineál éagsúla aiseolais agus **dhá** chineál éagsúla cleachtaidh tionchar a imirt ar fhoghlaim scileanna.

Féadfaidh sé gur mhaith leat na cineálacha aiseolais agus cleachtaidh atá liostaithe thíos a úsáid:

Cineálacha Aiseolais			Cineálacha Cleachtaidh		
Eistreach	Dearfach	Intreach	Athraitheach	Scaipthe	Seasta

GL Sampla 2: C.2



Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- tosca lena n-áirítear; aiseolas, cleachtas agus cineálacha cleachtais lena n-áirítear; cleachtas iomlán, páirteach, athraitheach, seasta, líonmhar, scaipthe, randamach
- na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le raon straitéisí chun tosca síceolaíocha a fheabhsú, ina measc; féinchaint; socraithe spriocanna; scor de smaointe; léirshamhlú; scíth; gnáthaimh thaispeántais
- cineálacha éagsúla aiseolais agus an tábhacht atá leo, ina measc; aiseolas intreach, eistreach, eolas ar thorthaí, eolas ar fheidhmíocht, aiseolas comhreathach, ceann cúrsa, dearfach agus diúltach

2. tosca a imríonn tionchar ar fhoghlaim scileanna a iniúchadh

Snáithe 1 lch 14

5. straitéisí a mheasúnú i bhun tosca síceolaíocha a fheabhsú roimh an rannpháirtíocht, lena linn agus ina dhiaidh, lena n-áirítear cineálacha aiseolais

Snáithe 2 lch 16



Snáithe 2 Sampla 2

(b)

(50 marc)

Déan **anailís** ar an soláthar don spórt ardfheidhmíochta in Éirinn agus tagairt á déanamh do chlár forbartha imreoirí agus conairí chuig an ardfheidhmíocht maidir le spórt amháin.



Léirítear i bhFíor 2 sampla de Shamhail um Fhorbairt Fhadtéarmach Lúthchleasaí.

AL Sampla 2: C.2 (b)



Snáithe 2 Lch. 17

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- bealaí chuig gníomhaíocht choirp ardfheidhmíochta
- clár forbartha imreora i spórt faoi aois
- an ról atá ag comhlachtaí lena n-áirítear: Spórt Éireann, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le haghaidh spóirt aonair ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta

11. soláthar agus tacaíocht do spórt ardfheidhmíochta in Éirinn **a anailísiú**

Cíoradh ar Thorthaí Foghlama:: Ceist 2



Snáithe 2, Toradh Foghlama 6

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

- sonraí ó thástáil ar thosca síceolaíocha a úsáid agus a chur i bhfeidhm, ina measc; muintín, comhdhíriú, inspreatadh, imní, agus straitéisí oiriúnacha do na tosca síceolaíocha arna sainathint.

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- úsáid pleananna gníomhaíochta pearsanta a iniúchadh, pleananna a bhfuil prionsabail shíceolaíocha mar bhonn fúthu chun tacú le meon dearfach síceolaíoch roimh ghníomhaíocht choirp, lena linn agus ina diaidh

lch. 17


Briathar Gnímh

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scolaire

Iniúch

breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua

GL Sampla 1: C.2 (a) agus AL Sampla 2: C.2 (a)





Snáithe 2, Toradh Foghlama 6

GL Sampla 1: C.2 (a)



(a)

(50 marc)

Is féidir le straitéisí síceolaíocha a bheith éifeachtach mar uirlisí chun an fheidhmíocht a fheabhsú.

- (i) Míneigh an chaoi ar féidir leis na tosca síceolaíocha, imní, comhdhíriú, agus inspreatadh dul i bhfeidhm ar ullmhúchán don iomaíocht i do rogha gníomhaíocht choirp.
- (ii) Déan cur síos ar an gcaoi ar féidir straitéis shíceolaíoch amháin a úsáid chun ullmhúchán síceolaíoch don iomaíocht a fheabhsú maidir le gach ceann de na tosca seo: imní, comhdhíriú, inspreatadh. Úsáid straitéis éagsúil do gach toisc.

Snáithe 2 Lch. 17

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

- sonraí ó thástáil ar thosca síceolaíocha a úsáid agus a chur i bhfeidhm, ina measc; muinín, comhdhíriú, inspreatadh, imní, agus straitéisí oiriúnacha do na tosca síceolaíocha arna sainithint.

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

- úsáid pleananna gníomhaíochta pearsanta a iniúchadh, pleananna a bhfuil prionsabail síceolaíocha mar bhonn fúthu chun tacú le meon dearfach síceolaíoch roimh ghníomhaíocht choirp, lena linn agus ina diaidh



Snáithe 2, Toradh Foghlama 6

Ceist 2

(50 marc)

Freagair (a) nó (b).

AL Sampla 2: C.2 (a)



(a)

(50 marc)

Tá Ellie 15 bliana d'aois agus tá gealladh fúithi mar lúthchleasaí. Tá sí ar chonair na hardfheidhmíochta, agus í ag traenáil ar feadh os cionn 20 uair an chloig sa tseachtain. Is duine diongbháilte í agus tá sí an-tiomanta dá spórt. Tagann neirbhís mhór ar Ellie sna laethanta roimh chomórtais. Dá thoradh sin, bíonn sí ag cur amach, ag caoineadh agus ní chodlaíonn sí go maith. Cuireann an méid sin isteach go minic ar a feidhmíocht, rud a chuireann tuilleadh imní agus frustrachais uirthi. Is mian léi a meon síceolaíoch a fheabhsú.

De réir an eolais atá tugtha faoi Ellie, déan trí straitéis a mheas a d'fhéadfadh sí a úsáid chun a hullmhacht síceolaíoch do chomórtais a fheabhsú.

I do fhreagra déan tagairt don chaoi a n-oibríonn gach straitéis, agus buntáistí agus míbhuntáistí gach straitéise san áireamh, le haghaidh gníomhaíocht coirp luaite. Ní mór duit tagairt a dhéanamh do gníomhaíocht coirp luaite **amháin** i do fhreagra.

Snáithe 2 Lch. 17

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

